

**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000028/2021  
ar an gCoimisiún**

Riail 136

**Henna Virkkunen, Jens Gieseke, Jörgen Warborn**

thar ceann Ghrúpa PPE

**Robert Roos, Bert-Jan Ruissen**

thar ceann Ghrúpa ECR

**Paolo Borchia**

thar ceann Ghrúpa ID

**Maria Grapini (S&D), Erik Bergkvist (S&D), Martina Dlabajová (Renew), Liesje Schreinemacher (Renew), Ulrike Müller (Renew)**

Ábhar: Cur chun feidhme an chláir oibre maidir le rialáil níos fearr/sprioc chun ualaí riaracháin a laghdú

Thug Uachtarán an Choimisiúin gealltanais an t-ualach riaracháin a laghdú agus an prionsabal 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' (OIOO) a chur i bhfeidhm. In 2020, chuir an Coimisiún a Straitéis Tionsclaíochta agus FBManna i láthair, agus gheall sé an t-ualach rialála ar FBManna a laghdú. Is beag a tharla ó shin. Is cúis díomá é sin mar gheall ar an ngéarghá atá le rialáil níos fearr a chur chun feidhme do FBManna, agus tá cuid mhaith acu ag streachailt chun téarnamh a dhéanamh.

1. Sa rún ón bParlaimint maidir le straitéis thionsclaíoch nua don Eoraip<sup>1</sup>, iarrtar go ndéanfaí prionsabal OIOO a chur chun feidhme nuair a thabharfar costais chomhlíontachta isteach le forálacha nua, nach mór na forálacha atá ann cheana a athbhreithniú, rud a áiríteoidh nach dtiocfaidh méadú ar na costais chomhlíontachta in earnáil ar leith, gan dochar do shainchumais na gcomhreachtóirí. Conas atá sé i gceist ag an gCoimisiún prionsabal OIOO a chur chun feidhme?
2. Luaitear i rún na Parlaiminte maidir le straitéis nua do FBManna Eorpacha<sup>2</sup> gur cheart prionsabal OIOO a mheas mar thúsphointe toisc nach ndéanann sé ach an status quo a choinneáil, agus go bhfuil gá le níos mó uailmhéine. An bhfuil an Coimisiún toilteanach oibriú ina leith sin?
3. Sa rún céanna, iarrtar go mbeidh sprioc nithiúil agus cheangailteach ann chun ualaí riaracháin a laghdú, agus go mbeidh measúnú tionchair le cur i gcrích faoi mhí an Mheithimh 2021. An ndéanfaidh an Coimisiún obair leantach ina leith sin agus, más amhlaidh, laistigh de cén tréimhse ama?
4. Ina theannta sin, iarrtar sa rún ar an gCoimisiún éifeachtacht agus dea-fheidhmiú an Bhoird um Ghrinnschrúdú Rialála (RSB) a áirithiú trína áirithiú go bhfuil tromlach saineolaithe seachtracha aige agus tacaíocht ón Airmheán Comhpháirteach Taighde; Cad iad na pleananna atá ag an gCoimisiún chun RSB a neartú?

Curtha síos: 19.4.2021

Spriocdháta i gcomhair freagra: 20.7.2021

<sup>1</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2020)0321.

<sup>2</sup> Téacsanna arna nglacadh, P9\_TA(2020)0359.